2026/2448

28.10.2026

CINNEADH (AE) 2026/2448 ÓN gCOMHAIRLE

an 26 Deireadh Fómhair 2026

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Ghinearálta na hEagraíochta Domhanda Trádála a bhaineann leis an iarraidh ar shíneadh a chur le tarscaoileadh EDT lena gceadaítear don Aontas Eorpach fabhair uathrialacha trádála a dheonú do na Balcáin Thiar

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála ('Comhaontú WTO') i gcrích trí bhíthin Chinneadh 94/800/CE ón gComhairle ([1]).

(2) De bhun Airteagal II de Chomhaontú EDT, is codanna lárnacha de Chomhaontú EDT iad na comhaontuithe agus na hionstraimí dlí gaolmhara atá ar áireamh in Iarscríbhinní 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an gComhaontú sin ('Comhaontuithe Trádála Iltaobhacha'), lena n-áirítear an Comhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil 1994 ('CGTT 1994'), agus tá siad ina gceangal ar na Comhaltaí uile na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT).

(3) De bhun Airteagal IV de Chomhaontú EDT, is féidir leis an gComhdháil Aireachta, atá comhdhéanta d'ionadaithe ó na Comhaltaí uile agus atá le teacht le chéile uair amháin ar a laghad gach dhá bhliain, cinntí a ghlacadh maidir le gach ábhar a chumhdaítear faoi aon cheann de na Comhaontuithe Trádála Iltaobhacha. Sna tréimhsí idir cruinnithe na Comhdhála Aireachta, is í an Chomhairle Ghinearálta atá chun na feidhmeanna a fheidhmiú.

(4) De bhun Airteagal IX de Chomhaontú EDT, is de chomhthoil a ghlacann EDT cinntí de ghnáth. Faoi chúinsí eisceachtúla, féadfaidh an Chomhdháil a chinneadh oibleagáid arna forchur ar Chomhalta ag Comhaontú EDT nó trí aon cheann de na Comhaontuithe Iltaobhacha Trádála a tharscaoileadh.

(5) Deonaíodh tarscaoileadh óna chuid oibleagáidí don Aontas faoi Airteagal I de CGTT 1994 den chéad uair an 8 Nollaig 2000 i ndáil leis na Balcáin Thiar, go dtí an 31 Nollaig 2006. Cuireadh síneadh leis an tarscaoilte sin go deireanach an 28 Iúil 2021, go dtí an 31 Nollaig 2026, a mhéid is gá chun go dtabharfaí cead don Aontas cóir fhabhrach a dheonú do tháirgí incháilithe de thionscnamh na mBalcán Thiar.

(6) An 16 Nollaig 2025 ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (AE) 2025/2014 ([2]), lenar cuireadh síneadh breise go dtí an 31 Nollaig 2030 le tréimhse chur i bhfeidhm na bhfabhar uathrialach trádála do na Balcáin Thiar.

([1]) Cinneadh 94/800/CE ón gComhairle an 22 Nollaig 1994 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, na gcomhaontuithe a baineadh amach i mBabhta Uragua den chaibidlíocht iltaobhach (1986-1994), a mhéid a bhaineann leis na hábhair laistigh dá inniúlacht féin (IO L 336, 23.12.1994, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1994/800/oj).

([2]) Rialachán (AE) 2025/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/823 maidir le bearta eisceachtúla trádála le haghaidh tíortha agus críocha atá páirteach sa phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais nó atá nasctha leis (IO L, 2025/2014, 22.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2014/oj).

(7) I bhfianaise an achrainn leanúnaigh a bhaineann le staid eacnamaíoch an réigiún agus ós rud é go bhfuil sé beartaithe leis an gcóir fhabhrach do tháirgí incháilithe a thugann an tAontas do thíortha na mBalcán Thiar forbairt eacnamaíoch a chur chun cinn, i gcomhréir le cuspóirí CGTT 1994, seachas bacainní a chruthú ar thrádáil Chomhaltaí eile EDT, tá feidhm fós ag na himthosca eisceachtúla lena dtugtar údar le síneadh a chur leis an tarscaoileadh ó oibleagáidí Airteagail I agus XIII de CGTT 1994. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas a iarraidh go gcuirfí síneadh breise le tarscaoileadh EDT lena gceadaítear fabhair uathrialacha trádála a dheonú do na Balcáin Thiar.

(8) Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh i gComhairle Ghinearálta EDT a bhunú a mheid a bhaineann leis an iarraidh ar shíneadh a chur le tarscaoileadh EDT lena gceadaítear don Aontas Eorpach fabhair uathrialacha trádála a dheonú do na Balcáin Thiar, ós rud é go mbeidh an síneadh ar an tarscaoilte sin ina cheangal ar Chomhaltaí uile EDT,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Comhaontóidh an tAontas síneadh a chur le tarscaoileadh EDT lena gceadaítear don Aontas fabhair uathrialacha trádála a dheonú do na Balcáin Thiar go dtí an 31 Nollaig 2031.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 26 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. HEYDON